Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12195/19**

**COARM 154**
**CFSP/PESC 684**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Meán Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11718/19 INIT + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le rialú ar onnmhairiú arm |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le rialú ar onnmhairiú arm, mar a ghlac an Chomhairle iad ("Gnóthaí Ginearálta") ar an 16 Meán Fómhair 2019.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHSHEASAMH 2008/944/CBES ÓN gCOMHAIRLE AN 8 NOLLAIG 2008 MAIDIR LE RIALÚ AR ONNMHAIRIÚ ARM

1. Meabhraítear don Chomhairle a tiomantas an rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a neartú trí Chinneadh 2019/1560 ón gComhairle (CBES) an 16 Meán Fómhair 2019 a ghlacadh, lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus go bhfuil rún daingean aici an comhar a atreisiú agus cóineasú a chur chun cinn i réimse onnmhairiú na teicneolaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata, faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) trí chomhchaighdeáin arda a bhunú, a choinneáil agus a chur chun feidhme chun aistrithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a bhainistiú sna Ballstáit uile. Leanfar de sin a dhéanamh, *inter alia,* trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú i measc na mBallstát, lena n-áirítear faisnéis maidir le fógraí diúltaithe agus beartais maidir le honnmhairiú arm, nó trí bhearta féideartha a shainaithint chun cóineasú a mhéadú a thuilleadh. Ba cheart trealamh míleata agus teicneolaíocht mhíleata a thrádáil ar bhealach freagrach cuntasach, agus a chinntiú nach ndéanfaí iad a atreorú chuig sceimhlitheoirí, coirpigh ná úsáideoirí neamhúdaraithe eile.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis go láidir an rannchuidiú fíorthábhachtach a dhéantar le beartas freagrach trádála arm i ndáil le caomhnú na síochána agus na slándála idirnáisiúnta agus i ndáil le hurramú chearta an duine agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair go bhfuil sí tiomanta don chomhar agus don chóineasú a chur chun cinn i mbeartais na mBallstát chun cosc a chur le honnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach nó forrántacht idirnáisiúnta nó lena gcuirfí le héagobhsaíocht réigiúnach.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil sí tiomanta leanúint dá hiarrachtaí uiliú agus cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (CTA), a tháinig i bhfeidhm ar an 24 Nollaig 2014, a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle an líon suntasach Stát atá rannpháirteach anois in CTA, agus an dlús bríomhar idirnáisiúnta i dtaca le cloí uilechoiteann a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit nach ndearna amhlaidh fós, an Conradh a ghlacadh nó a dhaingniú, agus, go dtí go ndéanfar é a ghlacadh nó a dhaingniú, iarrtar orthu cloí leis na téarmaí atá ann. Ba cheart do na Stáit shínithe a ndícheall a dhéanamh a ngealltanas tosaigh a chomhlíonadh tríd an bpróiseas daingniúcháin a thabhairt i gcrích. Is deimhin leis an gComhairle go ndéanann uiliú agus cur chun feidhme feabhsaithe CTA aidhm an chonartha a chur chun cinn, mar atá an comhar, an trédhearcacht agus an ghníomhaíocht fhreagrach trí rialáil a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta arm, rud a chuirfidh, ar an gcaoi sin, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus le laghdú ar an bhfulaingt dhaonna.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas athnuaite na mBallstát don Chomhsheasamh, ar comhsheasamh é atá ceangailteach ó thaobh dlí de, arna leasú le Cinneadh 2019/1560 ón gComhairle (CBES) agus cuireann sí i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le measúnú críochnúil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin le haghaidh teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata de réir na gcritéar a shonraítear ann.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an sprioc choiteann a bhí i dtrácht le linn ghlacadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES in 2008. Meabhraítear don Chomhairle an measúnú a thug sí sna conclúidí uaithi i mí na Samhna 2012 agus i mí Iúil 2015, eadhon go bhféadfaí níos mó dul chun cinn a bhaint amach i ndáil le cur chun feidhme an Chomhsheasaimh chun cóineasú a uasmhéadú i measc na mBallstát maidir le honnmhairithe gnáth-arm. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle, gur leasaíodh an Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann le Comhsheasamh 2008/944/CBES d'fhonn na critéir maidir le measúnú riosca a leagtar síos leis an gComhsheasamh a oibríochtú a thuilleadh. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin go dtacaíonn léirmhíniú comhsheasmhach agus cur i bhfeidhm oibríochtúil na gcritéar sin le cóineasú na mbeartas náisiúnta onnmhairithe arm.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do thrédhearcacht sa trádáil idirnáisiúnta arm agus roinnt beart nithiúil á moladh aici atá ceaptha chun tuairisciú ceart, comhleanúnach agus tráthúil a éascú maidir le honnmhairiú arm na mBallstát. Ar na tograí sin tá spriocdhátaí maidir le tuairisciú soiléir a dhéanamh do Thuarascáil Bhliantúil an Aontais agus tá treoirlínte eile sa Chomhsheasamh leasaithe agus sa Treoir d'Úsáideoirí maidir le substaint agus próiseas an tuairiscithe.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil bunachar sonraí inchuardaithe ar líne á fhorbairt ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí a mbeidh teacht ag na geallsealbhóirí uile air d'fhonn anailís a dhéanamh ar na sonraí faoi onnmhairithe arm na mBallstát ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir.

8. Maidir le faisnéis a chomhroinnt idir na Ballstáit i ndáil lena gcuid beartas i leith onnmhairiú arm, tugann an Chomhairle dá haire na treoirlínte soiléire ar an ábhar sin sa Treoir athbhreithnithe d'Úsáideoirí agus is díol sásaimh di leathnú an chórais COARM ar líne le go bhféadfar raon níos leithne faisnéise a cheadú agus a mhalartú idir na Ballstáit.

9. Ag aithint di a thábhachtaí atá sé go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar an obair a dhéantar i réimse an rialaithe ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, cuireann an Chomhairle de chúram ar an Meitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm an méid a leanas a dhéanamh:

    a. leanúint de bhearta a phlé chun tacú leis na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha maidir lena n-onnmhairithe iarbhír a bhailiú agus a thuairisciú, mar chuid den iarracht chun tuairisciú cuimsitheach agus trédhearcacht mhéadaithe a bhaint amach;

    b. féachaint an bhféadfaí feabhas breise a chur ar mhodhanna oibre na Meithle um Onnmhairiú Gnáth-Arm;

    c. imscrúdú breise a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag bunachar sonraí le haghaidh oifigigh cheadúnúcháin lena n-éascófaí aimsiú na faisnéise ábhartha, go háirithe sna foinsí atá luaite sa Treoir d'Úsáideoirí.

10. Déanfaidh an Chomhairle dul chun cinn teicneolaíochta i réimse na teicneolaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata a mheas, ag aithint a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na hítimí ábhartha uile a chumhdach faoi na comhrialacha maidir le rialú ar onnmhairiú ítimí míleata.

11. Agus bonn cosanta tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí á neartú, rud a chuideoidh le cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, go háirithe an Comhbheartas Slándála agus Cosanta, tugann an Chomhairle dá haire nach mór comhar agus cóineasú níos dlúithe a dhéanamh freisin i réimse an rialaithe ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

12. Áirithíonn an tAontas comhsheasmhacht a ghníomhaíochtaí seachtracha ina n-iomláine i gcomhthéacs a chaidrimh sheachtraigh, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach; i ndáil leis sin, tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá sé beartas comhsheasmhach a bheith ag an Aontas maidir le rialú ar onnmhairiú ábhar agus earraí dé-úsáide a bhaineann leis an gcosaint.

13. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí straitéis athbhreithnithe an Aontais dar teideal "Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint", i gcoinne mionarm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, ar an 19 Samhain 2018. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an Chomhairle de chúram ar an Meitheal um Rialuithe ar Onnmhairiú Gnáth-Arm féachaint an bhféadfaí cinneadh a ghlacadh maidir le deimhnithe úsáideora deiridh i ndáil le onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón.

14. Cuireann an Chomhairle de chúram ar an Meitheal um Rialuithe ar Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chomhsheasamh 2008/944/CBES arna leasú le Cinneadh 2019/1560 ón gComhairle (CBES) i gceann cúig bliana.